RIALACHÁN (AE) 2023/1132 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Meitheamh 2023

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le substaintí atá carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh agus atá faoi réir srianta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún, chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 68 (2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hiontrálacha 28, 29 agus 30 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, cuirtear toirmeasc ar shubstaintí a aicmítear mar shubstaintí atá carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh (CMR), catagóirí 1A nó 1B, a chur ar an margadh agus a úsáid lena soláthar don phobal, agus a liostaítear i bhFoscríbhinní 1 go 6 a ghabhann leis an Iarscríbhinn sin, agus ar mheascáin ina bhfuil na substaintí sin os cionn tiúchan sainithe.

(2) Substaintí a aicmítear mar CMR, is substaintí iad a liostaítear i gCuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(3) Maidir le Foscríbhinní 2 agus 6 a ghabhann le hIarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, ba cheart iad a leasú ionas go mbeidh siad ag teacht le haicmiú nua substaintí mar CMR i Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/692 ón gCoimisiún ([3]). Dá bhrí sin, na substaintí nua-aicmithe CMR atá i gcatagóirí 1A nó 1B, is iomchuí iad a chur le Foscríbhinní 2 agus 6 a ghabhann le hIarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006.

(4) Is ón 1 Nollaig 2023 a bheidh feidhm ag aicmiú nua substaintí i Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008. An srian a thugtar isteach leis an Rialachán seo a mhéid a bhaineann leis na substaintí a aicmítear le Rialachán (AE) 2022/692 mar shubstaintí CMR de chatagóir 1A nó 1B, ba cheart feidhm a bheith aige ón dáta céanna dá bhrí sin. Ní chuireann an dáta cur i bhfeidhm cosc ar oibreoirí na srianta a chur i bhfeidhm níos túisce, srianta ar shubstaintí CMR de chatagóir 1A nó 1B a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/692.

(5) Áirítear roinnt iontrálacha grúpa i gCuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008. I gcásanna áirithe, tá ceanglais maidir le haicmiú ann i ndáil le substaintí ar leith a bheadh cumhdaithe ag an iontráil ghrúpa. I gcásanna den sórt sin, áirítear iontráil shonrach i gCuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 i gcás na substainte agus ansin déantar an iontráil ghrúpa sa Rialachán sin a anótáil leis an bhfrása 'seachas na cinn a shonraítear in áit eile san Iarscríbhinn seo'. Dá bhrí sin, ionchorprú na substaintí sin i bhFoscríbhinní 1 go 6 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, caithfidh sé a bheith ag teacht leis an nóta mínithe a thagraíonn d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008. Is cosúil, áfach, go dtagraíonn an téacs sna hiontrálacha darb uimhreacha innéacs 033-005-00-1, 050-008-00-3, 082-001-00-6, 609-026-00-2 agus 650-017-00-8 d'Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 seachas d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008. Dá bhrí sin, ba cheart na hiontrálacha sin a oiriúnú dá réir sin.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a leasú dá réir sin.

([1]) IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/692 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2022 lena leasaítear, chun í a oiriúnú do dhul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán (IO L 129, 3.5.2022, lch. 1).

(7) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 133(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointí (2) agus (5) den Iarscríbhinn ón 1 Nollaig 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Meitheamh 2023

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 mar a leanas:

(1) i bhFoscríbhinn 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála darb uimhir innéacs 033-005-00-1:

Substaintí	Uimh. Innéacs	Uimh. CE	Uimh. CAS	Nótaí
'Aigéad arsanaice agus a shalainn, seachas na cinn a shonraítear in áit eile in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008	033-005-00-1	-	-	A'

(2) i bhFoscríbhinn 2, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach sa tábla in ord na n-uimhreacha innéacs a leagtar amach ann:

Substaintí	Uimh. Innéacs	Uimh. CE	Uimh. CAS	Nótaí
'Peantocsaíd dévanaidiam; peantocsaíd vanadiam	023-001-00-8	215-239-8	1314-62-1'	
'Cúiméin	601-024-00-X	202-704-5	98-82-8'	
'2,2-démheitiolprópán-1-ól, díorthach tríbhróma; 3-bróma-2,2-bios(brómaimeitil) própán-1-ól	603-243-00-6	253-057-0	36483-57-5; 1522-92-5'	
'Beinsifeanón	606-153-00-5	204-337-6	119-61-9';	

(3) i bhFoscríbhinn 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála darb uimhir innéacs 650-017-00-8:

Substaintí	Uimh. Innéacs	Uimh. CE	Uimh. CAS	Nótaí
'Snáithíní ceirmeacha teasfhulangacha, snáithíní sainchuspóireacha, seachas na cinn a shonraítear in áit eile in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008; [Snáithíní (sileacáite) gloiní saorga a bhfuil treoshuíomh randamach iontu agus a bhfuil cion ocsaíde alcailí agus cion ocsaíde cré-alcailí ($Na_2O+K_2O+CaO+MgO+BaO$) iontu atá níos lú nó cothrom le 18 % de réir meáchain]	650-017-00-8	-	-	A, R'

(4) i bhFoscríbhinn 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála darb uimhir innéacs 082-001-00-6:

Substaintí	Uimh. Innéacs	Uimh. CE	Uimh. CAS	Nótaí
'Comhdhúile luaidhe, seachas na cinn a shonraítear in áit eile in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008	082-001-00-6	-	-	A'

(5) i bhFoscríbhinn 6, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach sa tábla in ord na n-uimhreacha innéacs faoi mar a leagtar amach ann iad:

Substaintí	Uimh. Innéacs	Uimh. CE	Uimh. CAS	Nótaí
'Bróimíd amóiniam	035-005-00-7	235-183-8	12124-97-9'	
'Débhúitilin bis(2-eitilheacsánóáit)	050-032-00-4	220-481-2	2781-10-4'	
'Débhúitilin dé(aicéatáit)	050-033-00-X	213-928-8	1067-33-0'	
'Teallúiriam	052-001-00 -0	236-813-4	13494-80-9'	
'Dé-ocsaíd teallúiriam	052-002-00-6	231-193-1	7446-07-3'	
'Teitrea-ocsaíd débhóróin bairiam	056-005-00-3	237-222-4	13701-59-2'	
'2-(2-meatocsa-eatocsa)eatánól; éitear monaimeitile gliocóil dé-eitiléine	603-107-00-6	203-906-6	111-77-3'	
'2,4,6-trí-treas-búitilfeanól	604-097-00-6	211-989-5	732-26-3'	
'4,4'-sulfóinildéfheinil; bisfeanól-S	604-098-00-1	201-250-5	80-09-1'	
'Aigéad 2-eitileacsánóch agus a shalainn, seachas na cinn a shonraítear in áit eile in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008	607-230-00-6	-	-'	
'2,2',2",2"',2""-(eatán-1,2-dé-ilnítríoló)peintea-aicéatáit pheinteapotaisiam	607-734-00-6	404-290-3	7216-95-7'	
'N-carbocsaimeitilaimínbis (eitiléintrilo)teitrea(aigéad aicéiteach)	607-735-00-1	200-652-8	67-43-6'	
'(carbocsaláiteomeitil)imínibis (eitiléintrilo)teatraicéatáit pheinteasóidiam	607-736-00-7	205-391-3	140-01-2'	
'Aigéad sárfhluaraiheaptánóch; aigéad trídheacafluaraiheaptónach	607-761-00-3	206-798-9	375-85-9'	
'aigéad 6-[C12-18-ailcil-(brainseach, neamhsháithithe)-2,5-dé-ocsaipioróilidin-1-il]heacsánóch, salann sóidiam agus amóiniam tris (2-hiodracsa-eitil)	607-763-00-4	-	-'	
'aigéad 6-[(C10-C13)-ailcil-(brainseach, neamhsháithithe)-2,5-dé-ocsaipioróilidin-1-il]heacsánóch	607-764-00-X	-	2156592-54-8'	
'aigéad 6-[C12-18-ailcil-(brainseach, neamhsháithithe)-2,5-dé-ocsaipioróilidin-1-il]heacsánóch	607-765-00-5	-	-'	

‘Teoifillín; 1,3-démheitil-3,7-déhidrea-1*H*-púirín-2,6-dé-ón	613-342-00-6	200-385-7	58-55-9’	
‘trí-aimíd *N*-(2-nítrifeinil) fosfarach	616-238-00-9	477-690-9	874819-71-3’	
‘Mais imoibriúcháin de 3-(défhluaramheitil)-1-meitil-*N*-[(1*RS*,4*SR*,9*RS*)-1,2,3,4-teitrihidrea-9-iseapróipil-1,4-meatánónaftailéan-5-il]piorasól-4-carbocsaimíd agus 3-(défhluaramheitil)-1-meitil-*N*-[(1*RS*,4*SR*,9*SR*)-1,2,3,4-teitrihidrea-9-iseapróipil-1,4-meatánónaftailéan-5-il]piorasól-4-carbocsaimíd [> 78 % sinisiméirí < 15 % frithisiméirí de chion coibhneasta]; isipiorasam	616-240-00-X	-	881685-58-1’;	

(6) i bhFoscríbhinn 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na n-iontrálacha darb uimhreacha innéacs 050-008-00-3 agus 609-026-00-2:

Substaintí	Uimh. Innéacs	Uimh. CE	Uimh. CAS	Nótaí
‘Comhdhúile tríbhúitiltine, seachas ina cinn a shonraítear in áit eile in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008	050-008-00-3	-	-’	
‘Salainn agus eistir déiniseibe, seachas na cinn a shonraítear in áit eile in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008	609-026-00-2	-	-’	